



Tuairisceán Cánach Leictreachas

Ainm an tSoláthraí

Uimhir Tagartha Cánach

| | | | | | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|--|--|--|--|
| | | | | | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|--|--|--|--|

Seoladh (Eircode san áireamh)

Tréimhse Chuntasaíochta

Ón

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| L | L | M | M | B | B | B | B |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

Go dtí
an

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| L | L | M | M | B | B | B | B |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

Úsáid Oifigiúil Amháin

Uimhir na hoifige cuntais & dáta:

Cáin a íocadh: €

Taifid tugtha faoi deara:

Airgeadóir _____

Leictreachas a sholáthraítear do thomhaltóirí le linn na tréimhse cuntasaíochta

| | |
|---|--|
| A. Iomlán na n-aonad soláthraithe (féach Nóta 1) | |
|---|--|

Leictreachas a sholáthraítear le haghaidh úsáid saor ó cháin

| | |
|--|--|
| Aonaid a sholáthraítear do chustaiméirí le haghaidh Giniúint TCÉ | |
| Aonaid a sholáthraítear do chustaiméirí le haghaidh Táirgeadh Leictreachais | |
| Aonaid a sholáthraítear do chustaiméirí le haghaidh Úsáid Teaghlaigh | |
| B. Iomlán na n-aonad a sholáthraítear le haghaidh úsáid neamh-incháinithe (i.e. iomlán na n-aonad do na trí chatagóir thuas) | |

| | |
|---|--|
| Glan-aonaid a sholáthraítear le haghaidh úsáid incháinithe (A. lúide B.) | |
|---|--|

Leictreachas soláthraithe (“Aonaid arna muirearú”) do thomhaltóirí Gnó agus Neamhgnó agus céatadán “Iomlán na n-aonad soláthraithe” a ríomh

| Aonaid “Úsáid Gnó” | Céatadán “Iomlán na n-aonad soláthraithe” (P1) % | Aonaid “Úsáid neamhgnó” | Céatadán “Iomlán na n-aonad soláthraithe” (P2) % |
|--------------------|---|-------------------------|---|
| | | | |

Faóisimh le haghaidh leictreachais ó fhoinsí sonraithe

N.B. Tá an dá chatagóir faóisimh seo a leanas bunaithe ar **fháltais leictreachais an tsoláthraí ó fhoinsí in-athnuaite nó ó TCÉ** ardéifeachtúil atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Tá an faoiseamh le ríomh faoi seo mar aon leis na suimeanna asbhainte mar a fhoráiltear dóibh sa chuid thíos dar teideal “Ríomh na Glan-Chánach Iníochta”.

Níl aon bhaint ag na figiúirí seo lena chéile agus níor chóir iad a mheascadh suas leis na figiúirí ar an leathanach roimhe seo, is é sin “Aonaid a sholáthraítear do chustaiméirí le haghaidh Giniúint TCÉ” agus “Aonaid a sholáthraítear do chustaiméirí le haghaidh Táirgeadh Leictreachais”.

Faoiseamh i leith leictreachais a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite (féach Nóta 6)

| Iomlán ó Fhoinsí in-athnuaite (R) | Faoiseamh ag an ráta gnó (€) | Faoiseamh ag an ráta neamhghnó (€) |
|--------------------------------------|---------------------------------|---------------------------------------|
| Aonaid | (R) x (P1)* x 1.0 | (R) x (P2)* x 1.0 |
| | | |

*Is iad (P1) agus (P2) na figiúirí céatadán ar a ndearnadh aonaid “Úsáid Gnó” agus aonaid “Úsáid Neamhghnó” a ríomh ar leathanach 1.

Faoiseamh i leith leictreachais a tháirgtear ó chomhghiniúint ardéifeachtúil teasa agus cumhachta in éineacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol (CA TCÉ) (féach Nóta 7)

| Iomlán ó CA TCÉ (C) | Faoiseamh ag an ráta gnó (€) | Faoiseamh ag an ráta neamhghnó (€) |
|------------------------|---------------------------------|---------------------------------------|
| Aonaid | (C) x (P1)* x 1.0 | (C) x (P2)* x 1.0 |
| | | |

*Is iad (P1) agus (P2) na figiúirí céatadán ar a ndearnadh aonaid “Úsáid Gnó” agus aonaid “Úsáid Neamhghnó” a ríomh ar leathanach 1.

Ríomh na Glan-Chánach Iníochta

| | Cáin “Úsáid gnó” (aonaid @ €1.0 an t-aonad) (€) | Aonaid “Úsáid neamhghnó” (aonaid @ €1.0 an t-aonad) (€) |
|--|---|---|
| Muirear Comhlán (“Aonaid le haghaidh muirir” ó bhun leathanach 1 de réir an ráta chuí) | | |
| Faoiseamh i leith leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite | | |
| Lúide faoiseamh i leith leictreachais ó CA TCÉ (féach Nóta 7) | | |
| Lúide aon íocaíochtaí a dhéantar ar bhonn meastachán eatramhach (déach Nóta 2) | | |
| Glan-Cháin Iníochta | | |

| | |
|---|----------|
| Iomlán na Cánach Iníochta (Iomlán na Glan-Chánach Iníochta ag ráta “Úsáid gnó” agus ráta “Úsáid neamhghnó”) | € |
|---|----------|

Dearbhaím, de réir na bhforálacha reachtúla a rialaíonn Cáin Leictreachais, go léiríonn na sonraí ar an bhfoirm seo, leathanach 1 agus 2, **meastachán cothrom réasúnach / cuntas iomlán agus fíor** (scríos mar is cuí, féach Nóta 3) den leictreachas a sholáthraigh an soláthraí atá ainmnithe anseo le linn na tréimhse sonraithe agus le haghaidh na n-úsáidí a shonraítear.

Sínithe _____ Sínitheoir údaraithe (féach Nóta 4)

(BLOCLITREACHA) _____ Uimhir teagmhála fóin _____

Ainmniúchán (féach Nóta 5) _____ Dáta ____ / ____ / ____

Nótaí ar chomhlánú na foirme tuairisceáin Cánach Leictreachais ET1

1. Cuir san áireamh san fhiigiúr “Iomlán na n-aonad soláthraithe” aon aonaid a sholáthraíonn an soláthraí lena gcaitheamh, i gcás go sáraíonn an chainníocht a sholáthraítear 50 aonad i mbliain féilire. 1 aonad = 1 uair meigeavata.
2. Má rinneadh tuairisceán agus íocaíocht bunaithe ar fhiigiúirí measta roimhe seo, cuir isteach na suimeanna a íocadh ar bhonn an mheastacháin sin anseo, le hasbhaint chun go dtiocfaidh tú ar fhiigiúr do ghlandliteanais.
3. Sa chás go bhfuil an tuairisceán seo á dhéanamh ar bhonn meastacháin, mar a fhoráiltear le haghaidh in Alt 60(5) den Acht Airgeadais 2008, sonraigh é seo tríd an bhfrása “cuntas iomlán agus fíor” a scríosadh sa dearbhú.
4. Ní fhéadfaidh duine an tuairisceán agus an dearbhú seo a shíniú ach amháin duine atá údaraithe lena aghaidh faoi na Rialacháin Cánach Leictreachais, 2008 (Uimh. I.R. 385 de 2008).
5. Sonraigh más Rúnaí Cuideachta, Stiúrthóir, Comhpháirtí, srl iad, de réir mar is cuí.
6. Meastar gur gineadh leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite má gineadh é ó na foinsí seo:
 - (i) foinse de bhunadh gréine, gaoithe, tonn, taoide nó foinse gheoiteirmeach,
 - (ii) foinse de bhunadh hidráláigh a tháirgtear i bhfearas hidrileictreach,
 - (iii) foinse a gineadh ó bhithmhais nó ó tháirgí a tháirgtear ó bhithmhais,
 - (iv) foinse a gineadh ó chealla breosla.
7. Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntais, arb é an t-údarás inniúil atá ainmnithe chuige sin ag an Aire Airgeadais, a dhéanfaidh an cinneadh maidir le cé acu an gcomhlíonann an chomhghiniúint na riachtanais maidir le comhghiniúint ardéifeachtúil atá neamhdhíobhálach don chomhshaol (CA TCÉ) faoi Rialacháin 2004/8/CE ón gComhairle Eorpach.
8. Ní mór gach taifead i ndáil leis an tuairisceán seo a choinneáil ar feadh sé bliana. Féadtar iad a choinneáil i bhfoirm leictreonach, ar an gcoinníoll go bhféadtar iad a chur ar fáil i bhfoirm phriontáilte nuair a iarrtar iad.

Seoltar tuairisceáin chomhlánaithe chuig:

An tArd-Bhailitheoir
Teach an tSáirséalaigh
Sráid Phroinséi
Luimneach
V94 R972

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncain cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncain sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncain ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.